II

(Gníomhartha neamhreachtacha)

RIALACHÁIN

RIALACHÁN (AE) 2020/488 ÓN gCOMHAIRLE

an 2 Aibreán 2020

lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1352/2014 maidir le bearta sriantacha i bhfianaise na staide in Éimin

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 215 de,

Ag féachaint don Chinneadh 2014/932/CBES ón gComhairle an 18 Nollaig 2014 maidir le bearta sriantacha i bhfianaise na staide in Éimin ([1]),

Ag féachaint don togra comhpháirteach ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála agus ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 18 Nollaig 2014, ghlac an Chomhairle Rialachán (AE) Uimh. 1352/2014 ([2]).

(2) An 25 Feabhra 2020, ghlac Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe Rún 2511 (2020).

(3) Cuireann Rún 2511 (2020) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe (UNSC) béim ar a thábhachtaí atá sé cabhair dhaonnúil a éascú. Ina theannta sin, foráiltear le Rún UNSC 2511 (2020) go bhféadfaidh an Coiste a bunaíodh de bhun mhír 19 de Rún UNSC (2140) (2014), údarú a thabhairt, cás ar chás, do ghníomhaíochtaí atá riachtanach le hobair na Náisiún Aontaithe agus obair eagraíochtaí daonnúla eile in Éimin a éascú nó chun aon chríche eile atá comhsheasmhach le Rún UNSC 2140 (2014) agus Rún UNSC 2216 (2015).

(4) Sonraítear le Rún UNSC 2511 (2020) freisin gur gníomhartha insmachtbhannaithe iad foréigean gnéasach sa choinbhleacht, agus earcú nó úsáid leanaí i gcoinbhleacht armtha de shárú ar an dlí idirnáisiúnta.

(5) An 2 Aibreán 2020, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2020/490 ([3]) , lena leasaítear Cinneadh 2014/932/CFSP i gcomhréir le Rún UNSC 2511 (2020).

(6) Tagann roinnt de na leasuithe seo faoi raon feidhme an Chonartha ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus, dá bhrí sin, is gá gníomhaíocht rialála ar leibhéal an Aontais chun iad a chur chun feidhme, go háirithe d'fhonn a áirithiú go gcuirfidh oibreoirí eacnamaíocha iad i bhfeidhm go haonfhoirmeach i ngach Ballstát.

(7) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (AE) Uimh. 1352/2014 ón gComhairle a leasú dá réir sin,

([1]) IO L 365, 19.12.2014, lch. 147.
([2]) Rialachán (AE) Uimh 1352/2014 ón gComhairle an 18 Nollaig 2014 maidir le bearta sriantacha i bhfianaise na staide in Éimin (IO L 365, 19.12.2014, lch. 60).
([3]) Cinneadh (CBES) 2020/490 ón gComhairle an 2 Aibreán 2020 lena leasaítear Cinneadh 2014/932/CBES maidir le bearta sriantacha i bhfianaise na staide in Éimin (Féach leathanach 7 den Iris Oifigiúil seo)_

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1352/2014 ón gComhairle mar a leanas:

(1) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad in Airteagal 3(1):

"1. Áireofar in Iarscríbhinn I daoine nádúrtha nó dlítheanacha, eintitis agus comhlachtaí a sainaithníonn an Coiste Smachtbhannaí ina leith go bhfuil siad i mbun gníomhartha a chuireann síocháin, slándáil nó cobhsaíocht Éimin i mbaol nó go bhfuil siad ag tacú leis na gníomhartha sin, lena n-áirítear na nithe seo a leanas ach gan a bheith teoranta dóibh:

(a) gníomhartha a dhéanann bac a chur leis an aistriú polaitiúil a thabhairt chun críche go rathúil, nó an bonn a bhaint den aistriú sin, mar a thugtar cuntas imlíne air i dTionscadal agus i gComhaontú Sásra Cur chun Feidhme Comhairle Comhair na Murascaille;

(b) gníomhartha a chuireann bac le cur chun feidhme torthaí na tuarascála deireanaí ón gComhdháil um Idirphlé Náisiúnta Cuimsitheach trí fhoréigean, nó ionsaithe ar an mbonneagar bunriachtanach;

(c) gníomhartha a phleanáil, a stiúradh nó a dhéanamh ar gníomhartha iad a sháraíonn an dlí idirnáisiúnta um chearta an duine atá infheidhme nó an dlí daonnúil idirnáisiúnta atá infheidhme, nó gníomhartha ar sáruithe iad ar chearta an duine, in Éimin, lena n-áirítear foréigean gnéasach i gcoinbhleacht armtha, nó earcú nó úsáid leanaí i gcoinbhleacht armtha, de shárú ar a ndlí idirnáisiúnta.

(d) gníomhartha a sháraíonn an trádbhac arm a fhorchuirtear le hAirteagal 1 de Chinneadh 2014/932/CBES nó gníomhartha a chuireann bac ar chúnamh daonnúil a thabhairt d'Éimin, nó a chuireann bac ar é a rochtain, nó ar é a dháileadh in Éimin.";

(2) cuirtear an t-airteagal seo a leanas isteach:

"Airteagal 3a

De mhaolú ar Airteagail 1a agus 2, féadfaidh údaráis inniúla na mBallstát an méid seo a leanas a údarú:

(a) cúnamh teicniúil, maoiniúchán cúnamh nó airgeadais a thabhairt a bhaineann leis na gníomhaíochtaí a thuairiscítear in Airteagal 1a;

(b) cistí reoite nó acmhainní eacnamaíocha áirithe a scaoileadh, nó cistí nó acmhainní eacnamaíocha áirithe a chur ar fáil;

faoi cibé coinníollacha sin a mheasann siad is cuí, agus ar choinníoll gur chinn an Coiste Smachtbhannaí cás ar chás gur gá maolú chun obair na Náisiún Aontaithe agus obair eagraíochtaí daonnúla eile in Éimin a éascú nó chun aon chríche eile atá comhsheasmhach le cuspóirí Rún UNSC 2140 (2014) agus Rún UNSC 2216 (2015).";

(3) in Airteagal 13(1), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

"(a) i dtaca le cistí a reoitear faoi Airteagal 2 agus údaruithe a thugtar faoi Airteagail 3a, 4, 5, 6 agus 7;".

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 2 Aibreán 2020.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
A. METELKO-ZGOMBIĆ